

## Muintearas Teo Togra Oideachais Gaeltachta Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe.

---

*Folúntas – Comhordaitheoir Réigiúnach Techspace*  
SPRIOC DÁTA: Dé hAoine 22ú Feabhra 2019 roimh 5 i.n.

**Tionscadal:** Clár TechSpace & Seirbhísí Óige  
**Ceantar:** Cúige Uladh  
**Cineál Conartha:** Leanúnach, faoi réir maoiniúcháin  
**Freagrach do:** Muintearas Teo/Camara Education Ireland  
**Uaireanta an Chloig Oibre:** 3 lá oibre

### CUR SÍOS AR AN bPOST

#### Eolas an Róil

Is comhpháirtíocht é an Clár Oideachais TechSpace i gCúige Uladh idir Muintearas/Óige na Gaeltachta agus Camara Education Ireland ([www.camaraireland.ie](http://www.camaraireland.ie)) maoinithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta. Faoi láthair tá folúntas ann do Chomhordaitheoir Réigiúnach Páirtaimseartha. Is é an ról atá ann Clár Oideachais TechSpace a fhorbairt agus tacú leis i gCúige Uladh agus sa réigiúin thiar thuaidh. Beidh deis ag an té a cheapfar a c(h)uid eolais ar an earnáil oideachais agus forbartha óige a fheabhsú, bualadh le daoine agus eagraíochtaí ar fud Líonra TechSpace agus taithí a fhorbairt i ndáil le deiseanna a chur chun cinn agus imeachtaí áitiúla a eagrú agus é nó í ag cur lena c(h)uid scileanna i réimse síorfháis na Meán Digiteach, STEAM (Eolaíocht, teicneolaíocht, oideachas, na healaíona agus matamaitic) agus na hEolaíochta Ríomhaireachta chomh maith le bheith gníomhach sa Réimse Óige le Muintearas/Óige na Gaeltachta.

#### Cibé dualgas ábhartha eile

#### Cáilíochtaí agus Taithí Ghairmiúil

(**R**) = Riachtanach, (**I**) = Inmhianaithe

- Caighdeán Oideachais go Céim ar leibhéal 8 nó níos airde in ábhar ábhartha nó 3 bhliana taithí in obair óige. (**R**)
- Taithí oibre, íochta nó dheonach, le daoine óga (**R**)
- Teach ar charr agus ceadúnas tiomána iomlán na hÉireann (**R**)
- Taithí oibre le bainistiú imeachtaí (**I**)

#### Sonraíocht an Duine (Ceanglais uile riachtanach)

- Ardchumas Gaeilge idir labhairt agus scríobh.
- Scileanna maithe idirphearsanta, lena n-áirítear cumas dul i dteagmháil le raon leathan teagmhálacha agus caidrimh oibre éifeachtacha a bhunú agus a chothabháil

- Cumas maidir le caidrimh éifeachtacha le daoine óga a bhunú agus a chothabháil
- Bheith an-chruinn agus an-chríochnúl
- Bheith réamhghníomhach, úsáid a bhaint as féinstuaim agus oibriú i dtimpeallacht faoi bhrú
- Cur chuige dearfach agus solúbtha i ndáil le hoibriú mar chuid d'fhoireann
- Scileanna maithe cumarsáide scríofa, lena n-áirítear cumas chun faisnéis achomair agus comhfhreagras a dhréachtú, scileanna maithe scríbhneoireachta tuarascála.
- Cumas maidir le treoirlínte agus próisis eagraíochtúla a leanúint.
- Scileanna maithe ríomhaireachta, lena n-áirítear Word, Excel, an t-idirlíon, PowerPoint agus na Meáin Shóisialta

**Maoiniú:** Ní mór a thuiscint, má chuirtear deireadh leis an maoiniú don phost, go bhféadfar conradh an tsealbhóra poist a fhoirceannadh.

**Uaireanta Oibre:** Beifear ag súil go n-oibreoidh Comhordaitheoir Cnuasaigh Clár TechSpace 24 uair an chloig sa tseachtain ar a lagad. Tabhair faoi deara go mbeidh solúbthacht i ndáil le huaireanta oibre de dhíth don phost seo.

**Tuarastal:** Pléifear an tuarastal don phost seo leis an iarrthóir rathúil ach a gceapfar é nó í.

**Taisteal:** Beidh roinnt taistil intíre in Éirinn i gceist mar aon le cruinnithe ócáideacha. Íocfar taisteal agus costais de réir rátaí cuí.

**Dáta Deiridh:** Seol CV & eolas ábharach eile roimh **5 i.n. ar an Aoine 22/2/2019** ag an seoladh seo a leanas;

**An Príomhfheidhmeannach,**

Muintearas,

Tír an Fhia,

Leitir Móir,

Co. na Gaillimhe.

*Le tuilleadh eolas a fháil téigh go dtí an [www.muintearas.com](http://www.muintearas.com) nó ag an Clár Techspace nó déan teagmhál le Beartla Ó Flatharta, Bainisteoir Óige i Mhuintearas/Óige na Gaeltachta ag 091-551145 nó rphost beartla@muintearas.com*

**Comhpháirtí Tionscadail**

**Muintearas/Óige na Gaeltachta;** Ag cothú is ag soláthar seirbhísí Óige sna Gaeltachtaí.

**Camara Education Ireland**

Is fiontar sóisialta é [Camara Education Ireland](http://Camara Education Ireland) a bhfuil sé mar aidhm aige an córas oideachais a athchóiriú agus oideachasóirí a chumasú i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste agus a bhfuil ganntanas acmhainní acu chun oideachas den scoth a sholáthar do gach duine. Is eagraíocht oideachais neamhbhrabúis é a dhéanann obair le breis is 600 eagraíocht óige, scoil agus eagraíocht pobail chun cabhrú leo an teicneolaíocht a chomhtháthú mar uirlis don fhoghlaim dhigiteach. Chuidigh réitigh shaincheaptha Camara le breis is 2,000 oideoir eolas, scileanna agus muinín a fhorbairt chun uirlisí digiteacha a úsáid d'fhonn a gcleachtas a fheabhsú. Cuirtear ar chumas oideoirí foghlaimoírí a spreagadh chun máistreacht a fháil ar scileanna an 21ú haois, cuir i gcás an chruthaitheacht, an smaointeoireacht chriticiúil, comhoibriú agus cumarsáid. Déanann an eagraíocht é sin de bhun dhá chlár oibre a sheachadadh: [Clár TechSpace](#) agus an [Clár Scoile & Pobail](#). Is é Camara Education Ireland mol oideachais na hÉireann don eagraíocht idirnáisiúnta forbraíochta [Camara Education](#).